

IMDHÍONADH

Cosain

Do pháiste

Troeir do thuismitheoirí



Irish translation of *Protect your child, a guide for parents*

Cuimhnímis - Imdhíonaimis

Cad is imdhíonadh ann?

Is é an t-imdhíonadh an dóigh is fearr agus is sábháilte lena chinntiú nach dtagann tinneas ar do pháiste de dheasca galar ionfhabhtaíoch.

Tugtar instealltaí nó deora sa bhéal do pháistí ar a dtugtar vacsaíní. Spreagann na vacsaíní an corp le hantabheathaigh a tháirgeadh. Is iad na hantabheathaigh córas cosanta nádúrtha an choirp le troid in éadan galar ionfhabhtaíoch. Tá an t-imdhíonadh ina chuidiú leis an chorp a choinneáil réidh leis an ionfhabhtú a chosc má bhíonn teagmháil ag an pháiste leis an ghalar.

I gcás páistí níos sine tá roinnt galar ann ar tromchúisí ná a chéile iad agus is tábhachtach a chinntiú go dtugtar vacsaíniú breise (teanndáileog) dóibh.

Tá an bhileog seo ar fáil in Arabais, i gCantóinéis, i Hindi, i nGaeilge agus in Urdu. Fiafraigh de do dhochtúir/chuairteoir sláinte cén dóigh ar féidir cóip a fháil. Tá sé ar fáil ar chloschaiséad Béarla chomh maith.



Imdhíontaí atá ar fáil

Úsáidtear roinnt vacsaíní le muid a chosaint ar ghalair ionfhabhtaíocha. Díríonn an bhileog seo isteach orthu sin a thugtar do pháistí ag aois 2, 3 agus 4 mhí d'aois agus ar na teanndáileoga a thugtar ag aois 4 agus 14 bliana d'aois.

Tá bileoga ar leith ann do MMR agus BCG. Tugtar an vacsaín MMR ag aois 15 mhí agus ag 4 bliana. Tugtar an vacsaín BCG (eitinn) idir 10 agus 14 bliana d'aois. Gheobhaidh tú cóipeanna de na bileoga sin nuair a bheidh sé in am do do pháiste na vacsaíní sin a fháil.

Ar an chlúdach cúil, tá clár ama na ngnáth-imdhíontaí do pháistí, na vacsaíní a mholtar agus na haoiseanna ar chóir iad a thabhairt dóibh.



Cosain do pháiste

Cosnaíonn na vacsaíní a thugtar ag 2, 3 agus 4 mhí d'aois do pháiste ar shé ghalair éagsúla: polaimiailítis, diftéire, teiteanas, triuch, Hib agus meiningeacocúil grúpa C. Is beag duine a dtagann na galair sin orthu i dTuaisceart Éireann sa lá atá inniu ann agus seans gur beag iomrá a chuala tú riamh orthu. Tá sé sin amhlaidh ar an ábhar go nglacann cuid mhór daoine leis na himdhíontaí agus go bhfuil na vacsaíní iontach éifeachtach ag fáil réitithe de na galair. Tá siad coitianta go leor, áfach, in áiteanna eile sa domhan agus toisc níos mó daoine a bheith ag taisteal go dtí tíortha coimhthíocha d'fhéadfaí na galair seo a thabhairt ar ais go Tuaisceart Éireann agus tá contúirt

ann go dtógfadh páistí nár vacsaíníodh go fóill iad. Is tábhachtach nach ndéanaimid dearmad cé chomh tromchúiseach agus atá na galair seo.

Is babaithe óga is leochailí maidir leis na hionfhabhtuithe seo agus sin an fáth a bhfuil cosaint de dhíth orthu chomh luath agus is féidir. Tá cúpla instealladh de dhíth le do pháiste a chosaint go hiomlán, mar sin de is tábhachtach go gcríochnófar an cúrsa. Má chailleann do pháiste instealladh ar bith, thig leo teacht suas, fiú má bhíonn bearna fhada ann. Iarr ar do dhochtúir /bhanaltra an t-instealladh a chaill sé/sí a thabhairt dó/di. Ní chaithfidh siad tosú arís ón tús.

Meiningíteas

Cosnaíonn vacsaín meiningíteas C muid ar chineál amháin meiningítis agus galraithe fola. Tá cineálacha eile ann nach bhfuil vacsaín ar bith ann dóibh. Mar sin de, is tábhachtach bheith ar d'airdeall maidir leis na comharthaí a bhaineann leo.

De dheasca meiningítis d'fhéadfadh líneáil na hinchinne at. D'fhéadfadh galrú fola (seipticéime) teacht ort de dheasca na bhfrídíní céanna. Mura dtugtar cúram ceart don othar d'fhéadfadh an dá ghalar bheith marfach.

Ar dt's bíonn na comharthaí cosúil le comharthaí slaghdáin nó ulpóige.

Ina measc tá:

- teocht ard (37.5°C nó níos airde);
- míshuaimhneas;
- ag caitheamh amach;
- diúltú ithe.

Má thagann meiningíteas nó seipticéime ar bhabaí nó ar pháiste d'fhéadfadh sí /sé éirí iontach tinn lastigh de chúpla uair an chloig.



Má bhrúitear gloine go daingean in éadan gríos seipticéime ní imeoidh an gríos. Beidh tú in inmhe an gríos a fheiceáil tríd an ghloine. Más mar seo atá cuir fios láithreach ar an dochtúir.

Ar na comharthaí le bheith ar d'airdeall fúthu tá:

Maidir le babaithe

- scréach caointe;
- deacair a mhúscailt;
- teocht an-ard (39°C nó níos airde) ;
- craiceann tlaith nó ballach;
- baill chorra nó dhearga nach n-imíonn nuair a chuirtear brú orthu (féach grianghraf). D'fhéadfadh siad seo bheith áit ar bith ar an chorp.

Maidir le p-istí níos sine

- righneas sa mhúineál - an dtig leis/léi baint dá c(h)lár éadain lena g(h)lúin?;
- bheith codlatach nó trí chéile;
- an-tinneas cinn;
- cuireann solas geal as go mór dóibh;
- baill chorra nó dhearga nach n-imíonn nuair a chuirtear brú orthu (féach grianghraf). D'fhéadfadh siad seo bheith áit ar bith ar an chorp.

Má éiríonn do pháiste tinn agus aon cheann de na comharthaí seo air/uirthi, cuir fios láithreach ar do dhochtúir nó tabhair do pháiste chuig roinn timpiste agus éigeandála na hotharlainne áitiála.

Má tá tuilleadh eolais de dhíth faoi mheiningíteas, déantar teagmháil le: Meningitis Research Foundation
Teil: 028 9032 1283 ná ar an chabhairlíne
24 uair 080 8800 3344 ná ar National Meningitis Trust Cabhairlíne 24 uair: Lo-call 0845 6000 800.

Cad chuige imdhíonadh?

Tá na vacsaíní uile a úsáidtear do ghnáthimdhíontaí do pháistí iontach sábháilte. Tá siad an-éifeachtach maidir le galair a chosc agus is an-bheag an baol go mbeidh fo-iarsmaí tromchúiseacha ann dá mbarr. Os a choinne sin, is tromchúiseach na galair iad, galair a d'fhéadfadh bás do pháiste a thabhairt.

Tá réimse iomlán imdhíontaí páistí leagtha amach ar an chlúdach cúil. Ba chóir go dtabharfadh siad cosaint saoil in éadan na ngalar seo. B'fhéidir go mbeadh teanndáileoga de dhíth ó am go chéile nuair a bhíonn cúinsí

ar leith i gceist, mar shampla taisteal go dtí áit ina bhfuil galar acu go forleathan.

Déanann an tábla thíos comparáid idir fo-iarsmaí na vacsaíní agus na galair. Léiríonn sé seo gur fearr i bhfad na vacsaíní a fháil ná dul i gcontúirt na galair a thógáil. D'fhéadfadh vacsaín ar bith bheith mar chúis le frithghníomh ailúirge . Is fíorannamh a tharlaíonn sé seo - thart faoi 1 i ngach 100,000 imdhíonadh. Cé go gcuireann said imní orainn, má thugtar cóireáil cheart dóibh tagaimid chugainn féin go gasta agus go hiomlán.

Galar	Iarsmaí an ghalaire	Fo-iarsmaí na vacsaíne
Polaimiailítis	<p>Is víreas é polaimiailítis a ionsaíonn an córas néarógach agus a dtig leis parailis a chur ar na matáin. polaimiailítis is cúis, i gcásanna áirithe, le meiningíteas. Is í an pharailis seo is cúis le fadhbanna tromchúiseacha anáilithe agus leis an bhás féin. Is minic a bhíonn parailis bhuan ar dhaoine a mbíonn polaimiailítis orthu.</p> <p>Roimh vacsaíniú bhí suas le 300 cás sa bhliain i dTuaisceart Éireann.</p> <p>Is é an bás is toradh le 1 as gach 20 cás maidir le páistí agus 1 as 4 cás maidir le haosaigh.</p>	<p>I bhfíor-chorrchás is é vacsaín polio is cúis le parailis - 1 as gach 2.5 milliún dáileog. Is ionann sin agus 1 cás i 25 bliain i dTuaisceart Éireann.</p>
Diftéire	<p>Is gnách go dtosaíonn diftéire le drochghalrú sa scornach agus roimh i bhfad bíonn fadhbanna anáilithe i gceist. Scaoileann an galrú tocsain a dhéanann damáiste don chroí agus don chóras néarógach. Ina dhiaidh sin, tagann niúmóine, cliseadh croí, cliseadh anáilithe agus, i gcásanna an-tromchúiseacha, bás.</p> <p>Roimh vacsaíniú, bhí suas le 1,500 cás sa bhliain i dTuaisceart Éireann.</p> <p>Is é an bás an toradh atá ar dhiftéire i 1 as 10 gcás.</p>	<p>Is iondúil go mbíonn pian agus deirge thart faoin áit ar tugadh an t-instealladh.</p> <p>Gan bheith ag mothú go maith, teocht ard agus tinneas cinn ar feadh tamaillín uaireanta.</p> <p>Ní eol go bhfuil aon fho-iarsma tromchúiseach ann.</p>

Galar	Iarsmaí an ghalair	Fo-iarsmaí na vacsaíne
Teiteanas	<p>Tagtar ar fhridíní teiteanais i gcreáfóg agus thig leo dul isteach sa chorp mar ar gearradh nó ar dódh an corp. Is é is cúis le freangaí dosmachtaíthe an-nimhneacha sna matáin. Is iad seo is cúis le glas géill, deacrachtaí anáilaithe agus bíonn siad chomh holc agus go mbristear dromlach nó cnámha. Ar na deacrachtaí breise, tá fadhbanna croí, niúmóine agus cóma.</p> <p>Is é an bás an toradh atá ar Theiteanas i 1 cás as 3.</p>	<p>Is iondúil go mbíonn pian agus deirge thart faoin áit ar tugadh an t-instealladh. Is annamh a bhíonn drochat i gceist.</p> <p>Is annamh a bhíonn frithghníomh ginearálta ar nós fiabhrais, pianta matáin, agus tinnis chinn ann, agus fiú má bhíonn , ní mhaireann siad ach lá nó dhó.</p>
Triuch	<p>Is í an triuch is cúis le taomanna fada casachtaí arb iad deacrachtaí anáilaithe a dtoradh. D'fhéadfaí fosta go mbeifí ag caitheamh amach, ag tachtadh, go dtiocfadh taomanna nó galrú cluaise ar dhuine. D'fhéadfaí gur niúmóine ná damáiste inchinne nó fiú bás a bheadh mar thoradh uirthi. Tá tromchúis ar leith ag baint léi maidir le páistí atá faoi bhliain d'aois, ach i bpáistí níos sine féin, is mór an crá croí í.</p> <p>Cásanna treacha: Niúmóine: 1 cás as 10 Taomanna: 1 cás as 70 Dam-iste inchinne(encephalopaite): 1 cás as 500.</p> <p>Roimh vacsaíniú bhí suas le 3,500 cás sa bhliain i dTuaisceart Éireann - anois ní bhíonn ann ach thart faoi 100 cás</p> <p>Is é an bás an toradh atá ar thriuch in 1 cás as 500.</p>	<p>Nimneach thart faoin áit ar tugadh an t-instealladh: 1 cás as 4.</p> <p>Ag caoineadh ar feadh níos mó ná 3 uair an chloig: 1 cás as 250.</p> <p>Teocht ard: 1 cás as 400</p> <p>Taomanna: 1 cás as 5,000 (ní bhíonn fadhbanna fadtréimhseacha ann).</p>

Galar	Iarsmaí an ghalair	Fo-iarsmaí na vacsaíne
<p>Hib</p>	<p>Is é frídín Hib is cúis le cineál amháin meiningítis. Roimh vacsaíniú ba é seo an cineál meiningítis b'fhorleithne i bpáistí faoi 5 bliana d'aois. D'fhéadfadh galrú fola, at scornaí a chuirfeadh do bheatha i mbaol agus níúmóine a bheith mar thoradh air. Tá na galair seo uile marfach mura dugtar an chóireáil chúí gan mhoill.</p> <p>Damáiste buan inchinne: 1 cás as 4.</p> <p>Is é an bás an toradh atá ar Hib in 1 cás as 20.</p>	<p>Is iondúil go mbíonn pian agus deirge thart faoin áit ar tugadh an t-instealladh.</p> <p>Teocht ard ar 1 as 50 ach is féidir a leigheas le paracetamol.</p> <p>Ní eol go bhfuil aon fho-iarsma tromchúiseach ann.</p>
<p>Meiningeacócúil Grúpa C</p>	<p>Is é an baictéar seo is céis le meiningíteas agus galrú fola (seipticéime). Tinnis an-tromchúiseacha iad seo i gcás babaithe agus páistí de gach aois. D'fhéadfadh damáiste buan inchinne a bheith mar thoradh orthu. D'fhéadfadh siad bheith marfach fosta. D'fhéadfaí géag a chailleadh de dheasca galrú fola.</p> <p>Is é an bás an toradh atá ar ghalrú fola in 1 cás as 5.</p> <p>Is é an bás an toradh atá ar mheiningíteas in 1 cás as 15.</p>	<p>Is iondúil go mbíonn pian agus deirge thart faoin áit ar tugadh an t-instealladh.</p> <p>Teocht ard ó am go chéile agus tinneas cinn.</p> <p>Go fíorannamh tagann taomanna ar dhaoine ach ní eol go bhfuil aon fho-iarsma fadtréimhseach ann.</p>

Cad é a tharlaíonn má thagann teocht ard ar mo pháiste i ndiaidh imdhíonta?



Is annamh a bhíonn fo-iarsmaí i gceist le vacsaíní agus de ghnáth ní bhíonn siad tromchúiseach agus imíonn siad gan mhoill. B'fhéidir go dtiocfadh teocht ard nó fiabhras (os cionn 37.5°C) ar roinnt páistí. Má bhíonn mothú te ar aghaidh do pháiste agus má bhíonn cuma dhearg nó luisniúil air/uirthi is dócha go bhfuil fiabhras air/uirthi. D'fhéadfai é sin a chinntiú le teirmiméadar.

Is minic a thagann fiabhras ar pháistí. Go minic, is de gheall ar ghalruithe a thagann siad orthu. Corruair is é an fiabhras is cúis le taom a theacht ar an pháiste. Níl galrú ar leith i gceist, is cuma cé acu galrú nó vacsaín is cúis leis. Is tábhachtach, mar sin de, fios a bheith agat cad é atá le déanamh má thagann fiabhras ar do pháiste. Cuimhnigh gur dóichí go dtiocfaidh fiabhras de bharr na ngalruithe seachas na vaicsíní.

An dóigh le fiabhras a chóireáil

1. Coinnigh do pháiste fionnuar trína chinntiú:
 - nach bhfuil barraíocht éadaí air/uirthi féin né ar a leaba;
 - nach bhfuil an seomra ina bhfuil sé/sí róthe (níor chóir dó bheith rófhuar ach oiread, ach deas fionnuar).
2. Tabhair neart deochanna fionnuara dó/di.
3. Tabhair paracetamol leachtach dó/di, ar nós Calpol, Disprol ná Medinol (iarr gan siúcra iad ag an chógaslann). Léigh na treoracha ar an bhuideál go cúramach agus tabhair an dáileog cheart do do pháiste de réir aoise. B'fhéidir go gcaithfeá an dara dáileog a thabhairt dó/di ceithre go sé huaire an chloig ina dhiaidh sin.

Ná tabhair aspairín do pháistí faoi bhonn 12 bhliain d'aois.

Cuir fios láithreach ar an dochtúir má:

- **tá fiabhras (39°C nó níos airde) ar do pháiste; nó**
- **thagann taom ar do pháiste.**

Má thagann taom air/uirthi, cuir a luí ar a t(h)aobh iad in áit shábháilte óir b'fhéidir go dtiocfadh freang nó éasc beo ar a c(h)orp.

An bhfuil fáth ar bith nár chóir mo pháiste a imdhíonadh?

Níl ach fíorbheagán fáthanna nár chóir páiste a imdhíonadh. Ba chóir duit do chuairteoir sláinte, do dhochtúir nó do bhanaltra cleachtas a chur ar an eolas má:

- tá teocht ard/fiabhras;
- tháinig droch-fhrithghníomh le haon imdhíonadh;
- tugadh cóireáil ailse;
- tá ailéirge thromchúiseach;
- tá neamhord fuilithe;
- thagann trithí ar do pháiste.

Ní chiallaíonn sé sin i gcónaí nár chóir do pháiste a imdhíonadh ach cuidíonn sé leis an dochtúir/bhanaltra cinneadh a dhéanamh faoi na himdhíontaí is fearr do do pháiste agus más gá dáibh comhairle ar bith eile a thabhairt duit.

Ní fáth ar bith riamh é stair teaghlaigh tinnis

gan do pháiste a imdhíonadh. Mar sin féin, ba chóir duit do dhochtúir/bhanaltra a chur ar an eolas:

- má bhí tinneas ar do pháiste, nó ar bhall teaghlaigh, a théann i bhfeidhm ar an chóras imdhíonachta, mar shampla, leioicéime VEID ná SEIF;
- má tá do pháiste nó ball teaghlaigh ag glacadh cógas a théann i bhfeidhm ar an chóras imdhíonachta - mar shampla, cógais le himdhíonacht a shochtadh (a thugtar i ndiaidh athphlandáil orgáin nó i gcomhar ailse) nó stéaróidigh ard-dáileoigeachta.

Mura bhfuil tú cinnte faoina bhfuil thuasluaite is fearr i gcónaí do dhochtúir/bhanaltra a chur ar an eolas ar scór ar bith.



Ceisteanna a chuirtear go minic

C. Cad chuige ar dúradh liom bheith cúramach nuair a bhí mé ag cur clúidín úr ar mo bhabaí i ndiaidh di an vacsaín polaimiailítis a fháil?

F. Tugtar an vacsaín polaimiailítis trí dheora sa bhéal. Is féidir leis an vacsaín dul a fhad le clúidín do bhabaí go ceann sé seachtaine ina dhiaidh sin. D'fhéadfadh daoine nár imdhíonadh i gcoinne polaimiailítis an galar a thógáil trí na méideanna bídeacha den víreas atá sa vacsaín má bhíonn teagmháil acu leis.

Leis an chontúirt bheag seo féin a sheachaint, duine ar bith atá ag tabhairt aire do bhabaí agus nach bhfuair an vacsaín polaimiailítis riamh, ba chóir don duine sin labhairt lena d(h)ochtúir faoi. Thig leis/léi socrú a dhéanamh go bhfaighidh siad féin an vacsaín ag an am céanna leis an bhabaí. Is tábhachtach go smaoinimid ar dhaoine ar nós máthar móire agus athar mhóir agus ar dhaoine eile a tabharfadh aire do do bhabaí.

Is tábhachtach fosta go gcinntíonn tú go níonn gach duine a lámha go maith i ndiaidh clúidín úr a chur ar do bhabaí.

C. An bhfuil dóigheanna eile ann le mo pháiste a imdhíonadh?

F. Níl doígh ar bith eile cruthaithe, éifeachtach ann le do pháiste a imdhíonadh. Baineadh triail as leigheas hoiméapaiteach mar dhóigh eile le muid a chosaint ar thriuch, ach ní oibríonn sé. Comhairlíonn Comhairle na Dáimhe Hoiméapaite (an eagraíocht chláráithe do dhochtúirí atá cáilithe sa hoiméapaite) do thuismitheoirí a gcuid páistí a imdhíonadh le gnáthvacsaíní.

C. Tháinig tritheadh ar mo pháiste nuair a bhí fiabhras anuraidh air. Ar chóir È a imdhíonadh?

F. Ba chóir. Ba chóir do pháiste a imdhíonadh ach déan do dhícheall maidir le fiabhras a sheachaint i ndiaidh an insteallta - féach an píosa *Cad é a tharlaíonn má thagann teacht ard ar mo pháiste i ndiaidh imdhíonta?*

C. Bhí mo pháiste tinn i ndiaidh na dáileoige is déanaí den vacsaín. Ar chóir dó an chéad cheann eile a fháil?

F. Bíonn roinnt páistí tinn i ndiaidh a n-imdhíonta. De ghnáth, ní bhíonn fáth ar bith ann nár chóir an cúrsa vacsaíne a chomhlánú. Labhair le do dhochtúir/chuairteoir sláinte faoi seo.



C. An gcosnaíonn na vacsaíní mo pháiste ar gach cineál meiningitis?

F. Ní chosnaíonn. Cosnaíonn siad muid ar dhá chineál (Hib agus Meiningeacócúil C) ach tá cineálacha eile ann a d'fhéadfadh teacht ar do pháiste - bí ar d'airdeall. Féach an píosa ar Mheiningíteas.



C. Cad é mar atá a fhios againn go bhfuil na vacsaíní sábháilte?

F. Sula dtig le dochtúirí vacsaín ar bith a úsáid déantar cuid mhór tástálacha lena chinntiú go go bhfuil sí sábháilte agus n-oibríonn sí. Téann an próiseas seiceála ar aghaidh fiú i ndiaidh don vacsaín a bheith in úsáid. Ní úsáidtear ach vacsaíní a chuireann leis na caighdeáin is airde sábháilteachta. D'fhéadfadh fo-iarsmaí a bheith mar thoradh ar gach cógas ach tá vacsaíní ar an chuid is sábháilte. Léiríonn torthaí taighde ar fud an domhain gurb é an t-imdhionadh an dóigh is sábháilte le sláinte do pháiste a chosaint.

C. Chaill mo pháiste dáileog de chuid na vacsaíní DTP agus Hib. A gcaithfidh mé tosú arís ón tús?

F. Ní bhíonn sé riachtanach riamh tosú arís on tús. Má chaill do pháiste dáileog amháin ba chóir dó leanúint ar aghaidh agus an cúrsa a chomhlánú.

C. Tá slaghdán ar mo pháiste. Ar chóir go n-imdhionfaí í?

F. Ba chóir, ach amháin má tá fiabhras uirthi, di an vacsaín a fháil.

C. Chuala mé go bhfuil bíchearb i vacsaíní - an bhféadfadh sé dochar a dhéanamh do mo pháiste?

F. Tá méid beag bídeach bíchearba i gcineál amháin vacsaíne a úsáidtear i gclár imdhíonachta na bpáistí. Tá sé in úsáid le caoga bliain le cuidiú lena gcaomhnú. I rith an ama seo go léir ní raibh fianaise ar bith riamh ann go ndéanann sé dochar ar bith. Le caitheamh na mblianta tá an meid a úsáidtear ag dul i laghad. Tá na leibhéil a úsáidtear abhus giota maith níos ísle ná na treoirlínte sábháilteachta is déine dá bhfuil ann.



Clár ama na ngnáth-imdhíontaí do pháistí

Aois imdhíonta	Cé acu imdhíonadh?	An dóigh
2, 3 agus 4 mhí	Polaimiailtís	Sa bhéal
	Diftéire, teiteanas, triuch agus Hib (DTP-Hib)	Instealladh amháin
	Meiningíteas C	Instealladh amháin
Thart faoi 15 mhí	Bruitíneach, leicneach agus bruitíneach dhearg (MMR)	Instealladh amháin
3-5 bliana (teannta-ileoga réamhscoile)	Polaimiailtís	Sa bhéal
	Diftéire, teiteanas, triuch (DTaP)	Instealladh amháin
	Bruitíneach, leicneach agus bruitíneach dhearg (MMR)	Instealladh amháin
10-14 bliana (agus in amanna go gearr i ndiaidh breithe)	BCG (i gcoinne eitinne)	Tástáil craicinn ansin, más gá, instealladh amháin
14-18 bliana (teannta-ileoga don aos óg)	Teiteanas agus diftéire (Td)	Instealladh amháin
	Polaimiailtís	Sa bhéal

Má chaill do pháiste ceann ar bith acu seo ní bhíonn sé riamh rómhall le teacht suas leis an chlár ama. Déan teagmháil le do dhochtúir nó le do chuaríteoir sláinte le coinne a dhéanamh.

Ma tá tuilleadh eolais de dhíth ort faoi imdhíonadh déan teagmháil le do dhochtúir nó le do chuaríteoir sláinte nó tabhair cuairt ar shuíomh idirlín an RSSSP ar www.dhsspsni.gov.uk/phealth nó ar shuíomh idirlín naisúnta an imdhíonta ar www.immunisation.org.uk.